

**Ceist i gcomhair freagra scríofa E-000745/2018
ar an gCoimisiún**

Riail 130

Miguel Viegas (GUE/NGL), João Ferreira (GUE/NGL), João Pimenta Lopes (GUE/NGL), Tania González Peñas (GUE/NGL), Luke Ming Flanagan (GUE/NGL), Patrick Le Hyaric (GUE/NGL), Marisa Matias (GUE/NGL), Eleonora Forenza (GUE/NGL), Neoklis Sylikiotis (GUE/NGL), Dimitrios Papadimoulis (GUE/NGL), Nikolaos Chountis (GUE/NGL), Barbara Spinelli (GUE/NGL), Paloma López Bermejo (GUE/NGL), Dennis de Jong (GUE/NGL), Malin Björk (GUE/NGL), Martina Michels (GUE/NGL), Javier Couso Permuy (GUE/NGL), Marie-Christine Vergiat (GUE/NGL), Helmut Scholz (GUE/NGL), Maria Lidia Senra Rodríguez (GUE/NGL), Ángela Vallina (GUE/NGL), Lynn Boylan (GUE/NGL), Matt Carthy (GUE/NGL), Liadh Ní Riada (GUE/NGL), Martina Anderson (GUE/NGL), Sofia Sakorafa (GUE/NGL), Takis Hadjigeorgiou (GUE/NGL), Marie-Pierre Vieu (GUE/NGL), Josu Juaristi Abaunz (GUE/NGL), Keith Taylor (Verts/ALE), Brando Benifei (S&D), Ivo Vajgl (ALDE), Norbert Neuser (S&D) agus Marita Ulvskog (S&D)

Ábhar: Laghdú ar chistiú ó na Stáit Aontaithe do UNRWA

D'fhógair rialtas na Stát Aontaithe le déanaí laghdú suntasach ar a chabhair do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA), ó USD 350 milliún go USD 60 milliún.

I láthair na huaire déanann UNRWA bainistiú ar níos mó ná 700 scoil ar fud na hIordáine, na Liobáine, na Siria agus na Palaistíne (an Bruach Thiar agus Stráice Gaza) a mbíonn 525 000 leanbh ag freastal orthu. Cuireann sé seirbhísí sláinte an-tábhachtacha ar fáil freisin (áit ina ndéanann sé bainistiú ar 140 ionad sláinte atá freagrach do thart ar 9 milliún scrúdú sa bhliain), ó chúram sláinte príomhúil go clinicí atáirgthe. Cuireann sé cabhair foirgníochta don tithíocht ar fáil freisin.

Leis an gciorrú mór seo, tá an chabhair tacaíochta ar fad a tugadh san am a caitheadh i mbaol, agus méadóidh sé sin fulaingt phobal mairtíreach na Palaistíne agus réiteoidh sé an bóthar chun dul in olcas na n-iarimhairtí coinbhleachta atá ar siúl leis na deicheada de bhlianta.

1. I bhfianaise phráinne an cháis, a chuireann seirbhísí bunúsacha ar mhaithe le leis na grúpaí is leochailí de phobal na Palaistíne i gcontúirt, cad iad na féidearthachta a bheadh ann chun rannchuidithe an Aontais a mhéadú, agus cad iad na bearta a dhéanfar chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú?
2. Cad é seasamh an Aontais faoi fhógra rialtas na Stát Aontaithe, agus cad iad na gníomhaíochtaí nó na hiarrachtaí atá ar intinn aige a fhorbairt, chun níos mó cistí a bhailiú do UNRWA?